# Saol agus Ré Naomh Bríd



Arna chruthú ag Abarta Heritage do Chomhairle Contae Chill Dara,
Meán Fómhair 2023

BRÍD 1500

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme

Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council

ABARTA HERITAGE

# Nótaí buíochais

Is é Abarta Heritage a chruthaigh an acmhainn oideachais seo ar son Chomhairle Contae Chill Dara agus an chláir 'Bríd 1500' chun cothrom lae 1,500 bliain ónar bhásaigh Naomh Bríd a cheiliúradh. Is é Abarta Heritage a rinne an taighde don leabhrán seo agus a rinne é a tháirg agus a dhearadh.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le gach duine a rinne athbhreithniú ar an leabhrán agus a thug aiseolas dúinn le linn a dhréachtaithe. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin le baill Choiste Stiúrtha Bhríd 1500 agus le Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Chill Dara.

Comhairle Contae Chill Dara agus Éire Ildánach a mhaoinigh an tionscadal seo.

ISBN 978-1-7395229-1-9

BRÍD 1500

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland Programme

Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council


# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Amlíne - suas go dtí aimsir Naomh Bríd | 4 |
| Tús Eolais ar Naomh Bríd | 5 |
| An Saol in Éirinn sna Meánaoiseanna Luatha | 6 |
| Cé a bhí i gceannas ar Éirinn? | 7 |
| Cad a bhí ag tarlú sa chuid eile den Eoraip ag an am? | 7 |
| An raibh Bríd phágánach ann? | 7 |
| Cé mar a bhí Mainistreacha na Meánaoiseanna Luatha? | 8 |
| Cuardach focal Naomh Bríd | 9 |
| Óige Naomh Bríd | 10 |
| Leathanach dathúcháin | 11 |
| Cé mar a chuaigh Bríd sna Mná Rialta agus Bunú Chill Dara | 12 |
| Mar a fuair Naomh Bríd na tailte dá mainistir | 12 |
| An saol laethúil i mainistir luath-mheánaoiseach Naomh Bríd i gCill Dara | 13 |
| Mainistir Bhríde | 14 |
| An bhfuil tú in ann na difríochtaí a thabhairt faoi deara? | 15 |
| Féaraigh Bhríde | 16 |
| Bás Naomh Bríd | 18 |
| I ndiaidh Bhás Naomh Bríd | 19 |
| Léarscáil na dtaisí | 20 |
| Lá Fhéile Bríde | 21 |
| Naomh Theacht an Earraigh | 22 |
| Leathanach dathúcháin | 23 |
| Tine Bhríde | 24 |
| Toibreacha beannaithe agus leigheas | 25 |
| Logainmneacha a bhfuil baint acu le Naomh Bríd | 26 |
| Oidhreacht Naomh Bríd: Léargas ginearálta | 28 |
| Leathanach dathúcháin | 29 |
| Éire i ndiaidh Naomh Bríd | 30 |
| Acmhainní breise | 31 |

# Amlíne - suas go dtí aimsir Naomh Bríd

**8,000 RCh** Fiagaithe Cnuasaitheoirí Méisiliteacha ina gcónaí in Éirinn

**4,000 RCh** Tugann feirmeoirí Neoiliteacha an talmhaíocht leo go hÉirinn



**3,200 RCh** Tógtar Sí an Bhrú



**2,500 RCh** Tagann an cheardaíocht chré-umha go hÉirinn den chéad uair

**800 RCh** Tugtar an t-oibriú iarainn go hÉirinn den chéad uair

Is tír phágánach í Éire ina bhfuil go leor ríochtaí beaga

**0 RCh / AD** Is i dtithe adhmaid a raibh cónaí ar fheirmeoirí, gaiscígh agus sclábhaithe araon



**432** Gabhtar Naomh Pádraig agus tugtar go hÉirinn é mar sclábhaí

**455** (nó mar sin) saolaítear Naomh Bríd





**492** Faigheann Naomh Pádraig bás


**520** Saolaítear Naomh Colm Cille

# Tús Eolais ar Naomh Bríd

Dia duit, fáilte romhat chuig an leabhrán ‘Saol agus Ré Naomh Bríd’, áit a bhfaighidh tú eolas faoi dhuine den triúr naomhphatrún is tábhachtaí in Éirinn - Bríd!

Cogitosus is ainm dom. Is mise a scríobh an leagan is sine dá bhfuil ann de bheathaisnéis Naomh Bríd sa 7ú haois. Is léir mar sin gur iontach an treoraí mé chun cabhrú leat níos mó a fháil amach fúithi. Bhí cónaí orm i mainistir Chill Dara agus is ann a chuala mé na scéalta ar fad fúithi agus faoi na míorúiltí a rinne sí. Ach tharla na heachtraí seo na cianta ó shin. Faoin am a bhreac mé síos na scéalta bhí Bríd imithe ar shlí na fírinne le timpeall céad caoga bliain! Maith dom mar sin mura bhfuil ach mearchuimhne agam ar chuid de na sonraí.





# An Saol in Éirinn sna Meánaoiseanna Luatha



In Éirinn, áfach, níor tharla mórán athraithe sa chúpla céad bliain ónar cailleadh Naomh Bríd - faoin am sin, tá muintir na hÉireann ar fad fós ina gcónaí faoin tuath. Níl aon chónaí i mbailte ná i gcathracha mar atá san 21ú haois. Cónaíonn formhór na ndaoine i liosanna nó ráthanna. Is ionann iad seo agus clóis feirme a mbíonn banc cré agus díog mórthimpeall orthu. Taobh istigh den chlós seo bíonn foirgnimh feirme chun beithígh a choinneáil, bia a stóráil, agus jabanna ar nós miotalóireachta agus adhmadóireachta a dhéanamh.

Seo áit chónaithe an teaghlaigh shínte ar fad - is é sin le rá go mbíonn na tuismitheoirí, na seantuismitheoir, na páistí agus uaireanta fiú na haintíní, uncail agus col ceathracha ar fad ina gcónaí le chéile. Bíonn liosanna níos mó ag na teaghlaigh shaibhre, agus bíonn searbhóntaí agus sclábhaithe acu chun cabhrú leo an obair a dhéanamh.

Ós rud é nach bhfuil baile ar bith ann chun an tsiopadóireacht a dhéanamh, fásann daoine a gcuid bia féin agus déanann siad uirlisí agus éadaí dóibh féin. Tá an saol an-ghnóthach mar sin, agus bíonn ar na páistí aire a thabhairt do na beithígh agus do na barraí, bia a ullmhú agus go leor jabanna eile nach iad a dhéanamh. Tá sé ráite go gcabhraíodh Naomh Bríd féin leis an mbleán agus le déanamh ime agus cáise.

Ní obair chrua amháin a bhíodh ar siúl ag na páistí, áfach! Bhíodh siad ag súgradh le bréagáin déanta as adhmad. D’aimsigh seandálaithe de bhur linnse cuid acu seo sna liosanna; agus is cosúil gur choinnigh roinnt teaghlach madraí agus cait mar pheataí chomh maith - mar a choinníonn go leor agaibhse sa lá atá inniu ann.

**Cén cineál jabanna a dhéanann tusa chun cabhair a thabhairt sa bhaile?**

# Cé a bhí i gceannas ar Éirinn?



Ní raibh rialtas ag Éirinn in aimsir Naomh Bríd. Gan trácht ar Ardrí na hÉireann! Ina áit sin, bhí an tír roinnte ina céadta tuath beag. Bhí a rí féin ag gach tuath. Bhíodh cumhacht ag roinnt de na ríthe sin ar ríthe eile agus mar sin bhíodh siad i gceannas ar limistéir i bhfad níos mó ná a dtuatha féin. Is iomaí cath a tharla idir na tuatha de bharr talún agus maoine - eallach mar shampla. Ní raibh an t-airgead in úsáid ag na Gaeil ag an am sin. Ina áit sin, mheastaí saibhreas an duine ag brath ar cé mhéad ceann eallaigh nó sclábhaithe mná a bhí aige.

## Cad a bhí ag tarlú sa chuid eile den Eoraip ag an am?

Le himeacht shaol Naomh Bríd tharla go leor athraithe sa Bhreatain agus ar an Mór-Roinn. Tráth den saol, bhí na limistéir seo mar chuid d'Impireacht na Róimhe, rud a chiallaigh go raibh bailte iontu agus go raibh airgead na hImpireachta á úsáid acu. Ag an am sin, bhí siad faoi smacht Impire a bhí ina chónaí i bhfad ar shiúl uathu. Mar sin féin, tháinig deireadh leis an Impireacht sa 5ú haois. Nuair a tharla sé sin, thosaigh treibheanna éagsúla ag glacadh seilbhe ar chríocha na hImpireachta agus thug siad a gcuid teangacha, stíleanna ailtireachta, reiligiún agus dlíthe féin leo.

## An raibh Bríd phágánach ann?

Nuair a bhí Naomh Bríd beo, ba rud nua go fóill do na hÉireannaigh an Chríostaíocht. Seans fiú gur ainmníodh Bríd i ndiaidh an tsean-bhandia Brigit, Bandia a dtugtaí 'Briganta' uirthi freisin, a bhfuil taifead uirthi sa Bhreatain agus in áiteanna eile san Eoraip. Is dócha freisin go bhfuil roinnt de na scéalta faoin mbandia sin fite fuaite sna scéalta a insítear faoi Naomh Bríd.



Léaráid de bhád bréige ón luath-mheánaois.




# Cé mar a bhí mainistreacha na Meánaoiseanna Luatha?

Le linn ré Naomh Bríd, ba lonnaíochtaí beaga na mainistreacha a raibh foirgnimh adhmaid iontu. Déanta na fírinne, gach seans go raibh an mhainistir inar scríobh mise mo chuntas ar shaol Naomh Bríd an-chosúil leis an mainistir ina raibh cónaí uirthi féin.

Ba í an Eaglais an foirgneamh ba thábhachtaí sa mhainistir - foirgneamh beag adhmaid, murab ionann agus na hardeaglaisí ollmhóra atá anois ann. D’fhreastalaíodh na manaigh agus na mná rialta ar an Aifreann cúig huaire sa lá ar a laghad! **Ecclesia** an t-ainm Laidine a bhí ar an bhfoirgneamh seo.

Bhíodh an limistéar i gcomharsanacht na heaglaise timpeallaithe ag banc cré ar a dtugtaí **vallum**.

Bhíodh go leor **ceardlann** sa limistéar seo, chomh maith le foirgnimh feirme.



Chodlaímis agus bhímis ag staidéar i **gcealla,** áiteanna cosúil le do sheomra leapa féin ach gan na bréagáin agus na póstaeir a bheith ann.

Bhíodh na foirgnimh seo ar fad timpeallaithe ag an dara **vallum**.

Bhí **teach ósta** againn freisin do thaistealaithe spíonta a thugadh cuairt orainn.

In aice leis an leabharlann bhí an **scriptorium**, áit a scríobhtaí na leabhair de lámh. Níorbh ann don chlóphreas go fóill! Is é an scriptorium mo rogha áit sa mhainistir ar fad!

Thaitin sé le teaghlaigh ina gcónaí gar dúinn agus chabhraíodh siad linn an timireacht a dhéanamh. Bhíodh cónaí orthu taobh istigh den tríú **vallum**.

# Cuardach focal Naomh Bríd




| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| D | D | Y | P | B | S | L | P | E | G | N | Z | J | R | Y |
| Z | Í | M | Q | G | Q | V | G | R | A | W | U | Z | Q | I |
| C | S | O | A | K | W | A | G | I | R | A | L | D | U | S |
| Q | R | S | G | C | I | L | L | D | A | R | A | J | P | S |
| F | J | Í | C | J | W | L | B | Y | T | Q | E | Z | Á | U |
| D | S | I | O | R | T | U | W | M | U | P | A | D | G | U |
| N | J | E | E | S | I | M | W | G | A | L | L | C | Á | A |
| L | L | B | A | M | T | P | T | H | T | K | K | O | N | I |
| U | I | L | G | N | G | A | T | M | H | G | U | L | A | B |
| M | O | Á | L | D | D | R | Í | O | A | J | R | O | C | E |
| I | S | T | A | S | J | Á | Z | O | R | F | D | G | H | R |
| A | A | H | I | R | X | T | L | Y | C | I | I | N | R | I |
| R | N | A | S | C | Z | H | K | A | R | H | U | E | T | A |
| I | N | C | C | E | A | L | L | A | Í | M | T | M | O | T |
| V | A | H | G | E | L | D | R | O | P | I | A | K | S | E |

| | | |
|---|---|---|
| CRÍOSTAÍOCHT | SEANDÁLAÍ | SCRIPTORIUM |
| PÁGÁNACH | GIRALDUS | BLÁTHACH |
| CILL DARA | GELDROP | LIOSANNA |
| EAGLAIS | COLOGNE | VALLUM |
| DÍOG | IBERIA | GALL |
| LUMIAR | TUATHA | CEALLA |
| RÁTH | | |



# Óige Naomh Bríd




Creidtear gur saolaíodh Bríd in Iomras, gar do Mhainistir Eimhín, Contae Chill Dara, sna 450idí nó 460idí. Mar a dúirt mé cheana, tharla na heachtraí seo i bhfad ó shin agus nílimid go hiomlán cinnte fúthu.

Ba dhuine de na huaisle a hathair ar de shliocht treibh darbh ainm na Fothairt é. Bhí na Fothairt lonnaithe gar do Chnoc Chruacháin, atá ar an teorainn idir Cill Dara agus Uíbh Fhailí sa lá atá inniu ann.

Ba dhuine de sclábhaí Dhubthaigh máthair Bhríde, Broicsech. Nuair a fuair Dubthach amach go raibh Broicsech ag iompar clainne, dhíol sé í, agus chuaigh sí chun cónaithe le draoi páganach. Nuair a saolaíodh Bríd, thuig an draoi ar an toirt go raibh rud éigin speisialta ag baint léi agus scaoil sé saor an mháthair agus a hiníon ón sclábhaíocht. D’fhill an bheirt acu ar theach athair Bhríde.

**Tá sé ráite i gcuntais eile atá againn ar a saol gur saolaíodh Bríd i bhFochaird, Contae Lú.**

Ba iomaí uair a tharraing Bríd trioblóid uirthi féin i dteach a hathar - tugadh faoi deara a cumas agus a cineáltacht leis na boicht agus ní róbhuíoch a bhí a hathair di as na buanna seo! Bhíodh sí fíorchineálta agus flaithiúil leis na boicht agus na heasláin. Uair amháin, thug sí claíomh luachmhar a hathar do lobhar ionas go mbeadh sé in ann é a bhabhtáil ar bhia.

# Leathanach dathúcháin - Fear bocht agus claíomh Dhubhthaigh ina lámh aige.





# Cé mar a chuaigh Bríd sna Mná Rialta agus Bunú Chill Dara

Go bhfios dúinn, chuaigh Bríd sna mná rialta nuair a bhí sí ina déagóir agus í ina cónaí gar do Chnoc Chruacháin. Gan mhoill, chuaigh a dea-cháil ó bhéal go béal de bharr a dea-ghníomhartha, a grá do dhia agus na míorúiltí a rinne sí.

**Ba áit speisialta mainistir Bhríde, tharla go raibh mná rialta agus manaigh araon ina gcónaí ann.**

## Mar a fuair Naomh Bríd na tailte dá mainistir

Bhí cluasa fada ar Rí Laighean agus bhíodh daoine ag magadh faoi. Chuala sé faoi mhíorúiltí Naomh Bríd agus d'iarr sé uirthi a chluasa a dhéanamh níos lú. Dá n-éireodh léi é seo a dhéanamh, gheall sé go dtabharfadh sé cibé rud ba mhian léi di. Chuir sí chun suain é agus nuair a mhúscail sé bhí lúcháir air a bhrath go raibh cluasa gan locht air anois.

Mar chúiteamh, d'iarr Bríd píosa talún air le go bhféadfadh sí a mainistir a bhunú ann. Níor theastaigh ón rí aon chuid dá thailte a thabhairt di ach, sa deireadh, chuir sí iallach air an méid a chlúdódh a brat (clóca) a thabhairt di.

Nuair a leathnaigh sí amach an brat, go míorúilteach chlúdaigh sé limistéar mór a chuaigh chomh fada leis an gCurrach fiú.

Tugadh Cill Dara ar an áit inar thóg sí a eaglais, is é sin le rá 'eaglais na darach.'



# An Saol laethúil i mainistir luath-mheánaoiseach Naomh Bríd i gCill Dara



Ba í Bríd an 'bhan-ab': an té a bhí i gceannas ar na mná rialta. Bhí a cara Connlaodh ina ab freisin, é féin i gceannas ar na manaigh.

**Ba áit speisialta mainistir Bhríde, tharla go raibh mná rialta agus manaigh araon ina gcónaí ann.**

Gach maidin d'éiríodh siad i moch an lae chun paidreacha na maidine a rá. Bhíodh an chuid eile den lá dírithe ar an obair agus ar an urnaí. Bhuailtí cloigín láimhe le cur i gcuimhne do na mná rialta agus do na manaigh go raibh sé in am don chéad seirbhís eaglasta eile.

Bhí feirmeacha ag na mainistreacha chun bia a sholáthar dóibh féin agus do na boicht. Bhí ceardaithe ina gcónaí iontu freisin chun uirlisí agus earraí tábhachtacha eile a tháirgeadh.

*Tá cuid de na huirlisí agus na híomhánna luachmhara a rinne na ceardaithe ar taispeáint anois in Ard-Mhúsaem na hÉireann i mBaile Átha Cliath.*

Bhíodh roinnt jabanna speisialta á déanamh sna mainistreacha nach bhfeicfeá i lios, áfach. Rinne gaibhneoirí na mainistreacha earraí luachmhara don eaglais mar chailísí agus boscaí maisithe chun creadair (rudaí naofa) a iompar. Is ag na manaigh agus na mná rialta amháin a bhí an scríobh agus an léamh an tráth sin. Is iadsan a d'oibrigh sa scriptorium mar sin.


Cuid den am, dhéanadh na manaigh agus mná rialta dea-oibreacha taobh amuigh den mhainistir, ag cuartaíocht agus ag tabhairt cúnaimh do na boicht agus na heasláin sa phobal máguaird.



Léaráid de Chumhdach Naomh Manchán, an Bóthar.




# Mainistir Bhríde



Ba cheardaí é Connlaodh freisin, agus é ina chéad easpag ar Chill Dara. Bhí clú agus cáil ar an mainistir as na lámhscríbhinní agus earraí miotail a dhéantaí ann.
Sa bhliain 1188, thug Giraldus Cambrensis, sagart as an mBreatain Bheag, cuairt ar an mainistir. Chonaic sé lámhscríbhinn ann a bhí chomh hálainn sin gur chreid sé gur 'obair aingeal' a bhí ann. Ceaptar go raibh an lámhscríbhinn seo, 'Leabhar Chill Dara', ar comhchaighdeán le Leabhar Cheanannais, a bhfuil cáil dhomhanda air anois. Ar an drochuair, d'imigh an leabhar seo as radharc agus ní heol d'aon duine cad a tharla dó.

Tá neart samplaí ann de shaothair ealaíne a fuair inspioráid ó scéal Naomh Bríd le fáil inniu. Ina measc tá pictiúir, fuinneoga daite, píosaí dealbhóireachta, ceol agus filíocht.

**Bíonn deacrachtaí ag go leor daoine an chrosfhí a chruthú, ach is é an cleas atá ann ná na poncanna a sheachaint i gcónaí!**



# An bhfuil tú in ann na difríochtaí a thabhairt faoi deara?



**An bhfuil tú in ann na 6 dhifríocht idir na pictiúir a thabhairt faoi deara?**





Freagra: an lasair ar an mballa, an cleite ar an deasc, téacs sa leabhar, an cuirtín ar dheis, na plúiríní sneachta, slabhra ar an gcros



# Féaraigh Bhríde

Is í Bríd naomhphátrún na mbó agus na n-oibrithe déiríochta.
Nuair a bhí sí ina cailín óg, d'oibrigh sí lena máthair ag bleán na mbó agus ag déanamh ime. Deirtear go dtéadh bó fhionn in éineacht léi agus í ag siúl na tíre.

Rinne Naomh Bríd go leor míorúiltí a raibh baint ag ainmhithe feirme leo.

**Tugtar 'Féaraigh Bhríde' ar an gCurrach uaireanta, agus thugtaí 'Buaile Bhríde' ar na tailte idir Dún Urchaille agus Cnoc na Gráinsí.**

Uair amháin agus í ag maistreadh ime lena máthair, thug sí an t-im agus an bhláthach ar fad a bhí déanta acu an lá sin do na boicht. Ag deireadh an lae, bhíodh sé de dhualgas uirthi an méid a bhí déanta aici a thaispeáint, ach an uair seo ní raibh dada fágtha agus bhí a fhios aici go maith go mbeadh trioblóid ann. D'iarr sí cúnamh ar Dhia, agus go gearr ina dhiaidh sin ní raibh aon chuid den mhéid a bhí tugtha aici do na boicht ar iarraidh níos mó.

**Fadó in Lumiar na Portaingéile, thugtaí eallach isteach san eaglais lena mbeannú ar Lá Fhéile Bhríde!**



# Féaraigh Bhríde



Tharla sé ar ócáid eile gur tháinig easpaig ar cuairt chuici agus nach raibh go leor bia ná deoch aici le tabhairt dóibh. Bhligh sí a bó trí huaire an lá sin (rud nach ndéantaí ach uair amháin sa lá de ghnáth) agus mar sin bhí go leor aici le tabhairt dóibh.



Tharla sé uair eile gur thug sí cuairt ar sheanbhean nach raibh brosna ná bia aici sa teach. In ómós do Bhríd, mharaigh an tseanbhean an t-aon lao amháin a bhí aici agus rinne sí an fheoil a róstadh os cionn tine a bhí déanta as a seol fíodóireachta féin. An lá dár gcionn ní raibh an lao ná an seol ar iarraidh a thuilleadh!

Uair amháin tháinig fear bocht chuici agus d'iarr mil uirthi. Mhothaigh sí míshuaimhneach mar nach raibh aon mhil fágtha aici le tabhairt dó. Tamall ina dhiaidh sin chuala an bheirt dordán beach faoin urlár. Nuair a chart siad poll faoin urlár, cad a bhí ann ach coirceog lán le mil.

**Téacs Scrofa: Déan amach na focail seo ag baint úsáid as na leideanna:**

1. Is féidir (**ilm**) a úsáid in áit siúcra ___________________________

2. Glaoitear (**'nabníor'**) nó cráinbheach ar mháthair na mbeach ar fad sa choirceog ____________________________________________

3. Tá (**rethiec**) sciathán ar bheach _____________________________

4. Glaoitear (**eachtnra**) ar an sú milis a bhailíonn beacha as bláthanna chun mil a dhéanamh ______________________________



# Bás Naomh Bríd

Fuair Naomh Bríd bás agus cuireadh í i gCill Dara thart faoin mbliain 524 - nílimid go hiomlán cinnte faoin dáta sin mar nár fágadh aon taifead ina leith. Nuair a tháinig mé féin ar an bhfód, bhí taisí Naomh Bríd agus Naomh Connlaodh fós á gcoinneáil ar dhá thaobh an altóra i gCill Dara i gcumhdaigh áille ar a dtugtar taiseagán. Bhí na cumhdaigh sin maisithe le hór, le hairgead, agus le clocha lómhara, agus bhí corónacha órga ar crochadh os a gcionn. Is áit iontach a bhí san eaglais ag an am sin, í maisithe le pictiúir agus snoíodóireacht ghrinn.

**Is ionann taise agus iarsma coirp nó éadaigh a bhaineann le naomh.**

**Rug droch-chríoch ar Chonnlaodh bocht. Mharaigh paca madraí fiáine é i Liamhain, gar don Chaisleán Nua!**

Nuair a bhí mé féin i mo chónaí sa mhainistir i gCill Dara sa 7ú haois, chonaic mé na sluaite móra oilithreach ag teacht ó gach cearn d'Éirinn agus den Eoraip chun saol Naomh Bríd a cheiliúradh agus spléachadh a fháil ar a taisí.

D'ionsaigh na Lochlannaigh mainistir Chill Dara ar Lá Fhéile Bhríde in 929. Bhí a fhios acu go maith go mbeadh go leor daoine thart an lá sin agus go bhféadfadh siad earraí a ghoid uathu agus fiú roinnt acu a ghabháil agus iad a dhíol mar sclábhaithe.






# I ndiaidh bhás Naomh Bríd



Sna meánaoiseanna, thagadh oilithrigh ó chian agus ó chóngar chun cuairt a thabhairt ar eaglaisí ina raibh taisí naomh le feiceáil. Bhí tábhacht ar leith ag baint leis na taisí freisin mar shiombail chun scéalta faoi bheathaí na naomh a choinneáil beo. Ní rud neamhghnách a bhí ann go dtugadh oilithrigh deontais airgid nó talún d'eaglaisí ina raibh taisí na naomh is cáiliúla á gcoinneáil. Ba mhainistir shaibhir Cill Dara ós rud é go raibh taisí Naomh Bríd agus Naomh Connlaodh á gcoinneáil ann. Uair éigin nach eol dúinn, baineadh taisí Naomh Bríd óna huaigh agus bronnadh roinnt daoibh ar eaglaisí eile - 'aistriúchán' a t-ainm a thugtaí ar an gcleachtas seo. Seoladh na taisí chuig eaglaisí éagsúla ar fud na hEorpa.

**Seo a leanas cuid de na háiteanna a ndeachaigh taisí Naomh Bríd:**

**Lámh** - Geldrop na hÍsiltíre
**Fiacail agus méarchnámh** - Köln na Gearmáine
**Blaosc** - Strasbourg na Fraince
**Blaosc** - Liospóin na Portaingéile
**Blúirí dá blaosc** - Lumiar na Portaingéile




Deirtear go bhfuil an méid atá fágtha in Éirinn de thaisí Bhríde i nDún Pádraig i gContae an Dúin anois, chomh maith le taisí na beirte naomhphátrún Éireannach eile, Pádraig agus Colm Cille.




# Léarscáil na dtaisí

**Marcáil na háiteanna a ráinigh na taisí i ndeireadh na dála**

**Blaosc:** 

**Fiacail agus Méarchnámh:**  

**Lámh:** 




**Deirtear gurb iad triúr crosáidithe Éireannacha a thug blaosc Naomh Bríd go Lumiar.**

# Lá Fhéile Bhríde



Déantar Féile Bhríde a cheiliúradh ar an gcéad lá de mhí Feabhra - céad lá an earraigh. In Éirinn roimh theacht na Críostaíochta, Imbolc an t-ainm a bhí ar an bhféile Cheilteach seo.

Chreidtí uair amháin go n-imíodh Naomh Bríd ar fud na hÉireann an oíche roimh an bhféile. D'fhágadh daoine bia ar leac na fuinneoige an oíche sin ag súil leis go mbeannódh sí an teach agus í ag dul thar bráid. Mura n-ití an bia, thugtaí ar ais isteach sa teach é an mhaidin dár gcionn nó dháiltí ar na boicht nó ar dhaoine gan dídean é.

An lá roimh an bhféile, dhéanadh daoine glantachán an earraigh agus scaipeadh siad luachair úr ar an urlár (ní mó ná sásta a bheadh do thuismitheoirí féin dá ndéanfá a leithéid inniu!). Bhain siad úsáid as an luachair seo chun crosa Bhríde a dhéanamh, agus crochadh na crosa seo i dtithe chun cosaint a thabhairt do mhuintir an tí agus i mbotháin agus sciobóil chun cosaint a thabhairt d'ainmhithe.

## Bunús na croise



Bhí Bríd ina suí cois leapa báis rí uair amháin. Thóg sí luachair den urlár agus rinne sí cros de chun scéal Chríost a mhíniú don rí. Chreid an rí a scéal agus thiontaigh sé ar an gCríostaíocht go luath sular éag sé. Crochtar an cros i dtithe go dtí an lá atá inniu ann mar chosaint ar an dóiteán agus ar an ngalar.



**An raibh a fhios agat má fheiceann tú gráinneog ar an 1 Feabhra go ndeirtear gur comhartha den dea-aimsir atá le teacht í?**



# Naomh theacht an earraigh



Is é Lá Fhéile Bríde céad lá an earraigh, mar sin ní haon ionadh é go bhfuil baint ag Naomh Bríd le roinnt de na bláthanna is luaithe a bhláthaíonn sa bhliain.

De réir traidisiún amháin, tá sé ráite go scaiptí sabhaircíní agus luachair ar an urlár fadó chun na sióga a choinneáil ó dhoras.



Tugtar 'lorg Bhríde' ar an bplúirín sneachta - an chéad bhláth a bhláthaíonn san earrach.

'Bearnán Bride' ceann de na hainmneacha Gaeilge ar 'an gcaisearbhán. Déanann an focal bearnán cur síos ar chruth garbh a dhuilleog. Chomh maith le bheith ina bhia-ábhar tábhachtach do na beacha, d'úsáidtí bearnáin Bhríde mar leigheas traidisiúnta agus is féidir anraith a dhéanamh de.

Uaireanta tugtar 'bainne' ar an leacht a thagann as gas briste an chaisearbháin. Ní bainne atá ann i ndáiríre agus níor chóir duit é a ól! De réir an tseanchais, óladh uain an 'bainne' seo, ach ní raibh á dhéanamh acu i ndáiríre ach na duilleoga agus na bláthanna úra a ithe.

# Leathanach dathúcháin: bláthanna earraigh





# Tine Bhríde



Choinníodh na mná rialta a bhí ina gcónaí i mainistir Bhríde tine dhraíochta ar lasadh gar don eaglais. Bhí sé ráite nach bhféadfaí an tine seo a mhúchadh agus nár fhág an tine aon luaithreach cé gur dódh go leor adhmaid inti.

Tugtar an Teach Tine ar an áit a raibh an tine á coinneáil.  Nuair a tháinig Giraldus Cambrensis ar an áit agus é ag taisteal ar fud na hÉireann sa 12ú haois, dúirt sé go raibh sé timpeallaithe ag sconsa agus nár ceadaíodh d'aon fhear dul ina gaobhar. Am éigin, cuireadh balla cloiche in áit an sconsa, agus tá sé seo fós le feiceáil sa lá atá inniu ann.




Teampall Tine Naomh Bríd ag Ardeaglais Chill Dara

Ar an drochuair, múchadh an tine le linn an Reifirméisin i lár na 1500idí. Lasadh arís í sa bhliain 1993 agus tá sí á coinneáil lasta ag siúracha Bhríde san ionad spioradálta Solas Bhríde ó shin. Is siombail í an tine de sholas na Críostaíochta agus tá sé ar lasadh inniu mar léaró dóchais, ceartais agus síochána don domhan.

Is féidir Tine Bhríde a fheiceáil chomh maith sa dealbh álainn i gcruth dearcáin atá suite i gcearnóg an mhargaidh i lár bhaile Chill Dara.


# Toibreacha beannaithe agus leigheas



Bhí clú agus cáil ar Bhríd as cúnamh a thabhairt do dhaoine agus as na heasláin a leigheas. Tá toibreacha beannaithe ann ar fud na hÉireann  atá tiomnaithe di agus creidtear go bhfuil cumhachtaí ag cuid acu seo galair agus fadhbanna sláinte eile ar nós tinnis cinn agus fiacaile a leigheas.

**Ar Lá Fhéile Bhríde, thugtaí cuairt ar na toibreacha beannaithe a bhí tiomnaithe di. Chreidtí go raibh cumhachtaí ar leith ag baint le huisce na dtoibreacha an lá sin. Chroití an t-uisce os cionn ainmhithe, daoine, agus earraí chun iad a a choinneáil slán ó dhíobháil.**

Is é an tobar is mó cáil den chineál seo ná an ceann atá suite díreach ar imeall bhaile Chill Dara ar Choimín Bhraichleasáin. Tá dealbh de Naomh Bríd san áit seo, chomh maith le tobar agus sruthán. Tá dhá chloch aisteacha sa sruthán. Ceaptar gur tháinig siad seo ó mhuileann a bhí lonnaithe gar don áit fadó. Ós rud é go bhfuil cruth aisteach ar na clocha seo, tugtar 'slipéir Bhríde' orthu mar leasainm.



'Slipéir Bhríde' ar Choimín Bhraichleasáin

Ní dócha go bhfuil siad an-chompordach mar shlipéir, áfach! Cad a cheapann tú féin?



# Logainmneacha a bhfuil baint acu le Naomh Bríd

Agus tú i do chónaí in Éirinn, is dócha gur iomaí uair a thug tú faoi deara ainm Bhríde i logainmneacha agus ainmneacha eile.

Níl Bríd chomh coitianta anois mar ainm do chailíní agus a bhíodh uair amháin - go dtí lár na 1900idí, shamhlófá gur Bhríd nó Máire gach cailín agus bean bheo in Éirinn beagnach! An bhfuil aithne agat ar dhuine éigin atá níos sine ná thú darb ainm Bridget, Bride, Bríd nó Biddy?

Tá ar a laghad céad logainm in Éirinn a bhfuil baint acu le Naomh Bríd. Tá an chuid is mó acu siúd i gCúige Laighean ach ní sa chúige sin amháin atá siad le fáil. Tá Cill Bhríde i gContae an Chabháin agus Ráth Bhríde i gContae Chill Dara, cuir i gcás.

Tá go leor áiteanna eile nach iad atá tiomnaithe do Naomh Bríd: eaglais, scoileanna, clubanna CLG, eastáit tithíochta, toibreacha beannaithe, sráideanna, agus ionaid phobail. An bhfuil aon cheann acu seo le fáil i do chomharsanacht féin?

Cé nár fhág sí Éire riamh, tá go leor eaglaisí i dtíortha eile atá tiomnaithe di freisin. An fáth a bhfuil leis seo ná go raibh sí an-tábhachtach do na hÉireannaigh a chuaigh chun cónaithe sna tíortha sin.



**Gníomhaíocht! Marcáil an áit a bhfuil tusa i do chónaí ar an léarscáil agus luaigh aon logainmneacha sa chomharsanacht a bhfuil baint acu le Naomh Bríd.**








# Oidhreacht Naomh Bríd: Léargas ginearálta




# Leathanach dathúcháin: Naomh Bríd



# Éire i ndiaidh Naomh Bríd

| | |
|---|---|
| c.455 AD | Saolaítear Bríd |
| c.470 AD | Téann Bríd sna mná rialta |
| c.500 AD | Bunaíonn Bríd eaglais i gCill Dara |
| c.650 AD | Scríobhann Cogitosus a leabhar 'Saol Naomh Bríd' |
| 929 AD | Ionsaíonn na Lochlannaigh Cill Dara ar Lá Fhéile Bhríde |
| 1111 AD | Déantar deoise de Chill Dara |
| 1169 AD | Déanann na Normannaigh ionradh ar Éirinn. Lonnaíonn Strongbow a bhunáit airm i gCill Dara |
| 1210 AD | Cruthaítear Contae Chill Dara |
| 1534 AD | Éirí Amach 'Thomás an tSíoda', 10ú hIarla Chill Dara |
| 1540idí AD | Athleasú na Mainistreacha |
| 1798 AD | Éirí Amach 1798 |
| 1845 AD | Tús an Ghorta Mhóir |
| 1914 AD | Briseann an Chéad Chogadh Domhanda amach |
| 1916 AD | Éirí Amach na Cásca |
| 1992 AD | Filleann siúracha Bhríde ar Chill Dara |
| 2024 AD | Comóradh 1500 bliain ó bhás Naomh Bríd |





# Acmhainní breise:

| Ainm | Ábhar | Nasc nó ainm suímh |
|---|---|---|
| Suíomh gréasáin Bhríd 1500 | Tá eolas agus gníomhaíochtaí do pháistí, chomh maith le heolas ginearálta faoin gcomóradh le fáil ar an leathanach gréasáin seo | https://brigid1500.ie/get-involved/school/ |
| Ardeaglais Naomh Bríd, Cill Dara | Tabhair cuairt ar an ardeaglais a tógadh ar shuíomh mhainistir Bhríde, ar an 'teampall tine', an ardchros agus an cloigtheach. Tá taispeántas taobh istigh den ardeaglais. | In aice le Cearnóg an Mhargaidh, Baile Chill Dara, Contae Chill Dara<br>http://www.stbrigidscathedral.com/ |
| Oifig Turasóireachta agus Ionad Oidhreachta Bhaile Chill Dara | Is féidir eolas a fháil anseo faoi na háiteanna éagsúla ar féidir cuairt a thabhairt orthu nó eolas maidir le turais siúil a fháil | Cearnóg an Mhargaidh, Baile Chill Dara, Contae Chill Dara<br>https://kildareheritage.com/guided-walking-tours/ |
| Ask About Ireland | Is áis úsáideach do dhaltaí é seo chun tuilleadh a fhoghlaim faoi Naomh Bríd agus ábhair oideachais eile a fháil. | https://www.askaboutireland.ie/learning-zone/primary-students/looking-at-places/kildare/saint-brigid/life-of-st.-brigid/ |
| Bailiúchán na Scol | Bailiúchán iontach béaloidis é seo a chnuasaigh páistí scoile in Éirinn le linn na 1930idí. | https://www.duchas.ie/en/cbes/schools? |
| Cros Bhríde a Dhéanamh - Treoir Éasca Céim ar Chéim | Acmhainní scoile - gníomhaíochtaí do pháistí scoile, lena n-áirítear treoir chun cros Bhríde a dhéanamh agus leathanaigh dathúcháin | https://brigid1500.ie/get-involved/school/ |
| Clostreoir do Chonair Mhainistreacha Chill Dara | Tógann an chlostreoir seo thú ar aistear trí láithreacha mainistreach Chontae Chill Dara | https://www.abartaheritage.ie/kildare-monastic-trail-audio-guide/ |
| Podchraoladh: "Exploring St Brigid's Myths & Legends in a Contemporary World" | Closchlár faisnéise ag fiosrú an tionchair a bhí ag Naomh Bríd ar dhaoine éagsúla | https://kildareheritage.com/ |
| Eispéireas VR Laochra Chill Dara | Cuir aithne ar charachtair ar nós an Bhandia Brigit agus Naomh Bríd sa réaltacht fhíorúil | https://kildareheritage.com/legends-of-kildare-vr/<br>Lonnaithe ag Ionad Oidhreachta Chill Dara, Cearnóg an Mhargaidh, Baile Chill Dara, Contae Chill Dara. |

# Cuardach Focal Naomh Bríd - na Freagraí

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| D | D | Y | P | B | S | L | P | E | G | N | Z | J | R | Y |
| Z | Í | M | Q | G | Q | V | G | R | A | W | U | Z | Q | I |
| C | S | O | A | K | W | A | G | I | R | A | L | D | U | S |
| Q | R | S | G | C | I | L | L | D | A | R | A | J | P | S |
| F | J | Í | C | J | W | L | B | Y | T | Q | E | Z | Á | U |
| D | S | I | O | R | T | U | W | M | U | P | A | D | G | U |
| N | J | E | E | S | I | M | W | G | A | L | L | C | Á | A |
| L | L | B | A | M | T | P | T | H | T | K | K | O | N | I |
| U | I | L | G | N | G | A | T | M | H | G | U | L | A | B |
| M | O | Á | L | D | D | R | Í | O | A | J | R | O | C | E |
| I | S | T | A | S | J | Á | Z | O | R | F | D | G | H | R |
| A | A | H | I | R | X | T | L | Y | C | I | I | N | R | I |
| R | N | A | S | C | Z | H | K | A | R | H | U | E | T | A |
| I | N | C | C | E | A | L | L | A | Í | M | T | M | O | T |
| V | A | H | G | E | L | D | R | O | P | I | A | K | S | E |

CRÍOSTAÍOCHT
PÁGÁNACH
CILL DARA
EAGLAIS
DÍOG
LUMIAR
RÁTH
SEANDÁLAÍ
GIRALDUS
GELDROP
COLOGNE
IBERIA
TUATHA
SCRIPTORIUM
BLÁTHACH
LIOSANNA
VALLUM
GALL
CEALLA

# Nótaí

BRÍD

1500